MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS Fianaise

Freagraí ar Agóidí/Aighneachtaí faoi

Shócmhainní Ábhartha - Talmhaíocht

le

**Con Curtin (B.Agr.Sc)**

**Curtin Agricultural Consultants Ltd**

**19 Feabhra 2020**

# 1 Cáilíochtaí agus Taithí

1.1 Con Curtin is ainm dom. Is comhairleoir talmhaíochta mé le Curtin Agricultural Consultants Ltd atá lonnaithe i gCill Chainnigh. Tá Céim Baitsiléara agam san Eolaíocht Talmhaíochta. Bhain mé céim amach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath in 1987 agus tá Teastas Leibhéal 6 agam sa Draenáil Talún tar éis cúrsa sa Draenáil Talún a dhéanamh le Teagasc in 2016. Tá mé i mo bhall den Agricultural Consultants Association agus den Agricultural Science Association. Tá breis is 29 bliain taithí agam sa chomhairleoireacht talmhaíochta in Éirinn agus is comhairleoir ceadaithe feirme mé sa Chóras Comhairleach Feirme ar shuíomh gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Dá bharr sin, cuirtear oiliúint orm maidir le feirmeoirí a chomhairliú faoin gcaoi chun iarratas a chur isteach ar scéimeanna mar GLAS (an Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin), Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí, Scéim Spriocdhírithe Nuachóirithe Talmhaíochta, Scéim an Mhaolaithe Níotráite agus scéimeanna eile na Ranna Talmhaíochta, Bia agus Mara. Oibrím do Líonraí Gáis Éireann, Bonneagar Iompair Éireann, Uisce Éireann agus d'Údaráis Áitiúla éagsúla á gcomhairliú ar réimse leathan ceisteanna talmhaíochta ar nós tionchar talmhaíochta ar fheirmeacha, ath-insealbhú talún, draenáil talún agus cúitimh.

1.2 Tá measúnachtaí tionchair talmhaíochta agus measúnachtaí roghnaithe bealaí déanta agam ar an-chuid forbairtí bóthair náisiúnta le 20 bliain anuas, mar shampla, Scéim Mótarbhealaigh M20 Corcaigh go Luimneach atá 80km ar fad, Bóthar N22 Maigh Chromtha go Baile Bhuirne atá 24km ar fad, Seachbhóthar N25 Phort Láirge atá 40km ar fad agus Bóthar M7 Baile an Chaisleáin go dtí an tAonach atá 40km ar fad. San iomlán, tá measúnachtaí tionchair talmhaíochta agus measúnachtaí roghnaithe bealaí déanta agam ar bhreis is 400km d'fhorbairtí bóthair nua in Éirinn, ar 20 tionscadal bóthair náisiúnta ar a laghad agus tá fianaise tugtha agam ag deich n-éisteacht ó bhéal le haghaidh forbairtí bóthair.

# 2 Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

2.1 Ba é an ról a bhí agam i dTionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CBCG) measúnú sócmhainní ábhartha talmhaíochta a dhéanamh i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus comhairle a thabhairt maidir le bonnlíne na timpeallachta talmhaíochta, tionchar ar fheirmeacha a mheasúnú agus bearta maolaithe a mholadh chun tionchair a íoslaghdú. Bhí baint agam leis an bhfoireann tionscadail ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe i rith an phróisis dearaidh agus ullmhúchán na ndoiciméad iarratais. Deimhním gur mé an t-údar ar Chaibidil 14, Sócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht, Imleabhar 2 den TMTT agus Aguisín A.14.1 d'Imleabhar 4 den TMTT. Sa ráiteas seo, d'fhonn comhthéacs a leagan amach don fhreagairt ar aighneachtaí a dhéantar agus ar thuairimí a thugtar, tugaim achoimre ghearr ar na príomhcheisteanna maidir le talmhaíocht, le trácht ar an timpeallacht bhonnlíne, ar bhearta maolaithe, ar thionchar iarmharacha sula dtugtar freagra mionsonraithe ar na ceisteanna a thagann aníos in aighneachtaí a dhéantar agus i dtuairimí a thugtar don Bhord Pleanála.

# 3 Príomhcheisteanna maidir le Sócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht

3.1 Glactar leis gur léadh Caibidil 14 den TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris uirthi anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar an iarratas seo i gcomhair Ceada agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhíreanna a bhaineann le sócmhainní ábhartha – talmhaíocht ar an bhforbairt bóthair agus a mhionsonraítear i gCaibidil 14 den TMTT.

3.2 I gCuid 14.3.1 de Chaibidil 14 den TMTT, cuirtear síos ar thalmhaíocht mar atá feadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus léirítear ionad na ndáileachtaí talún a bhfuil tionchar orthu i bhFíoracha 14.1.1 go 14.1.14 d'Imleabhar 3 den TMTT. Tá 195 dáileacht talún a bhfuil tionchar orthu, is é sin 1,096 heicteár, laistigh den limistéar staidéir feadh na forbartha bóthair atá beartaithe le meánmhéid 6 heicteár. Tá tuairim is 21% dáileachtaí talún níos lú ná heicteár amháin ar mhéid agus mar sin tá acmhainneacht an-teoranta talmhaíochta acu. Is iad seo a leanas na príomhfhiontair feirme a sainaithnítear:

- mairteoil agus/nó caora agus féar nó sadhlas – 63% dáileachtaí talún
- capaill agus fiontair eile – 17.5% de dháileachtaí talún
- gan feirmeoireacht ghníomhach orthu – 16.5% de dháileachtaí talún
- déirí – 3% de dháileachtaí talún

3.3 Léirítear i dTábla 14.5 de Chaibidil 14 den TMTT go bhfuil céatadán ard dáileachtaí talún nach ndéantar feirmeoireacht ghníomhach orthu ar chor ar bith (16.5%). Go ginearálta is portaigh iad na láithreacha sin agus talamh ar dhroch-chaighdeán atá ina bhfásach le scrobarnach nó píosaí an-bheag talún.

3.4 Léirítear i dTábla 14.5 de Chaibidil 14 den TMTT go bhfuil líon níos mó dáileachtaí talún eachaí feadh na forbartha bóthair atá beartaithe nuair a chuirtear é i gcomparáid le staitisticí náisiúnta nó contae (Áireamh Talmhaíochta 2010). Tá 31 dáileacht talún eachaí (16% den iomlán) feadh na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomparáid le níos lú ná 1% go náisiúnta agus i gContae na Gaillimhe araon. Tá 15 dháileacht talún mairteola (8% den iomlán) freisin a bhfuil eachaí acu mar fhiontar tánaisteach. Mar sin, baineann fiontair eachaí le 46 dáileacht talún nó 24% den líon iomlán feadh na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomparáid le 12% de na feirmeacha uile ar bhonn náisiúnta agus 16% de na feirmeacha uile i gContae na Gaillimhe a bhfuil capaill acu – tá an t-eolas sin bunaithe ar Thábla 8D ó Áireamh Talmhaíochta CSO 2010[1]. Tá líon ard fiontar eachaí ann ós rud é nach n-úsáidtear a lán de na dáileachtaí talún beaga ach chun capaillíní agus capaill a choinneáil chun críocha caithimh aimsire. Ní mheastar ach ceithre cinn de na

[1] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-fss/farmstructuresurvey2016/da/fs/ - Tábla 2.2

dáileachtaí talún eachaí sin a bheith ina ndáileachtaí d'íogaireacht ard nó thar a bheith ard.

3.5 Is iad seo a leanas na tionchair ionchasacha – mura maolaítear iad – a thagann aníos:

- Caillteanas talún agus foirgneamh feirme
- Scoilteadh dáileachtaí talún agus scaradh talún dá bharr
- Suaitheadh in oibríochtaí feirme agus beostoic i rith chéimeanna na tógála agus na hoibríochta, tionchair ionchasacha mar gheall ar thorann agus trácht agus tionchair ionchasacha ar dhraenáil talún mar shampla.

3.6 Cinnteofar leis na bearta maolaithe a mholtar i gCodanna 14.6.2 agus 14.6.3 de Chaibidil 14 den TMTT go n-íoslaghdófar na tionchair ar Shócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht i rith chéim tógála agus oibríochta na forbartha bóthair atá beartaithe.

3.7 Áireofar ar na bearta maolaithe i rith na céime tógála:

a) Príomhtheagmhálaí a sholáthar chun cumarsáid a éascú idir úinéirí talún a bhfuil tionchar orthu agus an conraitheoir

b) Rochtain a sholáthar ar an talamh coinnithe ar fad. I gcás ina gcuirtear isteach go sealadach ar an rochtain sin, tabharfar fógra roimh ré do na húinéirí talún

c) I gcás go gcuirtear isteach ar sholáthar uisce agus cumhachta, cuirfidh an conraitheoir soláthair eile uisce agus cumhachta ar fáil

d) Fálú cuí teorann a sholáthar

e) Gníomhaíochtaí briste carraigeacha, pléasctha nó píleála a fhógairt d'úinéirí talún roimh ré

f) Bearta maolaithe a sholáthar chun caighdeán an uisce dhromchla agus screamhuisce a chosaint mar a chuirtear síos air i gCuid 10.6.2.1 de Chaibidil 10 den TMTT, áit a ndeirtear: '*Cuirfear srian láithreach ar aon doirteadh agus tógfar ithir éillithe ón láithreán* agus i gCuid 11.6.2 den TMTT, áit a luaitear go n-úsáidfear linnte síothlaithe, gaistí siolta agus bundaí chun éilliú siolta den rith uisce dhromchla a íoslaghdú agus '*nuair a bheidh an t-uisce le pumpáil, úsáidfear scagairí ag pointí iontógála agus déanfar an scaoileadh trí ghaiste dríodair nó sedi-mat'.* Cosnóidh na bearta sin caighdeán an uisce do bheostoc

g) Luaitear i gCuid 16.6.2.1 de Chaibidil 16 den TMTT go gcuirfear '*spraeáil gníomhaíochtaí oibreacha créafóige nochta agus bóithre iompair láithreáin le linn aimsir thirim*' i bhfeidhm chun astaíochtaí dusta a íoslaghdú

h) Soláthrófar maolú éifeachtach draenála talún ionas go gcoinneofar sruth dóthanach éalaithe draenála

3.8 Áirítear na nithe seo a leanas leis na bearta maolaithe le linn na céime oibríochta:

a) Déanfar rochtain a sholáthar nó a choinneáil ar gach dáileacht talún scartha

b) Athshlánófar go buan na soláthairtí uisce agus cumhachta a bhfuil tionchar orthu

c) Cuirfear uisce ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ar mhalairt slí chuig linnte maolaithe sula scaoiltear é chuig sruthchúrsaí nó chuig an talamh

d) Trasnóidh dearadh draenála na forbartha bóthair atá beartaithe na draenálacha goirt atá ann anois agus iompróidh sé an t-uisce draenála chuig sruthanna éalaithe oiriúnacha

e) Íoslaghdóidh an tírdhreachú feadh na forbartha bóthair atá beartaithe an tionchar amhairc d'fheirmeacha feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe agus cuirfidh sé foscadh ar fáil do na feirmeacha a bhfuil tionchar orthu le himeacht ama

3.9 Mar aon leis na bearta maolaithe thuasluaite, tá gealltanas amháin eile. Fostóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe saineolaí tréidliachta chun idirghabháil le húinéirí talún d'fhonn a chinntiú go dtugtar faoi leas beostoic go himleor.

3.10 Gheobhaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe 219 heicteár (20% den limistéar staidéir) agus scoithfidh sé 62 dáileacht talún agus 172 heicteár talún. Scartálfar foirgnimh bheaga feirme ar 17 ndáileacht talún – cúiteofar úinéirí talún ionas go mbeidh siad in ann iad a atógáil ar a dtalamh coinnithe. Déantar measúnú ar na tionchair iarmharacha agus charnacha ar na dáileachtaí talún a bhfuil tionchar orthu in Aguisín A 14.1 den TMTT agus achoimrítear iad i gCodanna 14.7.2, 14.7.3 agus 14.7.4 de Chaibidil 14 den TMTT. Beidh tionchair iarmharacha dhíobhálacha ar thuairim is leath de na dáileachtaí talún a bhfuil tionchar orthu a bheidh measartha beag, is é sin, tionchair atá 'gan tábhacht' nó 'beag'. Beidh tionchair 'mheasartha' dhíobhálacha ar thuairim is ceathrú acu agus beidh tionchair dhíobhálacha mhóra ar an gceathrú eile, is é sin, tionchair atá suntasach díobhálach, an-suntasach díobhálach agus trom. Beidh athruithe ar charachtar, ar fheidhm agus ar inmharthanacht na ndáileachtaí talún seo mar thoradh ar thionchair mhóra. Téann Cuid 14.7.4 den TMTT i ngleic le tionchair charnacha. Bhí tionchar freisin ar ceithre dháileacht talún ag an taobh thoir den bhforbairt bóthair atá beartaithe ag forbairt bóthair an N6 Gaillimh go Béal Átha na Sluaighe. Cé go bhfuil tionchair charnacha shuntasacha ar na seacht ndáileacht thalún sin, tá na héifeachtaí carnacha foriomlána ar thalmhaíocht laistigh den limistéar staidéir nó laistigh den réigiún ó fhorbairtí dá leithéid a pleanáladh agus a tógadh le déanaí gan tábhacht.

3.11 Níl aon tionchair charnacha ó iarratas reatha ar chead pleanála Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Tag. 19/373, chun páirceanna breise imeartha a thógáil toisc nach talamh talmhaíochta é an talamh sin.

3.12 Scrúdaíodh Mionathrú Bóthair Cheangail na Páirce Móire chun tionchair ionchasacha talmhaíochta a aimsiú. Rachadh an mionathrú seo i bhfeidhm ar dhá dháileacht talún, MO_693 agus MO_694. Cé go mbeadh tionchair dhíobhálacha bhreise ar an dá dháileacht talún, ní mhéadóidh suntas an tionchair ach i ndáileacht talún MO_694, áit ina méadóidh an tionchar réamh-mheasta ó mheasartha díobhálach go suntasach díobhálach. Níl an tionchar talmhaíochta mar thoradh ar an tógáil talún bhreise de 0.22 ha suntasach nuair a mheastar é i gcomparáid leis an limistéar staidéir nó an réigiún i gcoitinne.

3.13 Le tionchar carnach an iarratais Forbartha Straitéisí Tithíochta (FST) le haghaidh 238 aonad cónaithe a rinneadh do ABP ar an 24 Meitheamh 2019 ar na tailte ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar láthair 229, laghdófaí achar talmhaíochta na dáileachta talún sin, a mhéadódh an tógáil talún chomhréireach agus a laghdódh éifeacht na deighilte. Mar sin, ar an iomlán, ní bheadh aon athrú ar mheasúnacht na dtionchar ar an dáileacht talún seo de bharr an iarratais phleanála seo.

3.14 Mar a luaitear i gCuid 14.7.3 de Chaibidil 14 den TMTT, tá tionchar measartha díobhálach ar an talmhaíocht laistigh den limistéar staidéir ar fad feadh na forbartha bóthair atá beartaithe de bharr caillteanais 20% den limistéar talmhaíochta.

3.15 Nuair a chuirtear tionchair charnacha scéimeanna eile bóthair a pleanáladh agus a tógadh le déanaí san áireamh, tá an tionchar réigiúnach ar an talmhaíocht laistigh de Chontae na Gaillimhe gan tábhacht. Mar a luaitear i gCuid 14.7.4 de Chaibidil 14 den TMTT, ní ghabhfaidh tógáil talún iomlán na forbartha bóthair seo atá beartaithe agus forbairtí eile ar nós an M6, M18, N59 Mhaigh Cuilinn, mótarbhealach seirbhísí M6/M17/M18 etc. thar 1% de limistéar talmhaíochta Chontae na Gaillimhe agus, mar sin, tá an tionchar carnach ag an leibhéal réigiúnach gan tábhacht.

# 4 Freagraí ar Aighneachtaí/Agóidí

## 4.1 Forbhreathnú

4.1.1 Áirítear le 88 den 296 aighneacht/agóid a seoladh chuig an mBord Pleanála (ABP) maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCG), Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ráiteas Tionchair Natura (RTN), Scéim Mhótarbhealaigh (SM) agus Scéim Bóthair Chosanta (SBC) breithnithe a bhaineann leis an gcomhthéacs Sócmhainní Ábhartha - Talmhaíocht. Níor bhain aon cheann den 17 n-aighneacht a fuarthas maidir leis an bhFreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise le Sócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht. Is iad na príomhcheisteanna tráchta a tarraingíodh anuas:

- tionchair ionchasacha ar thalamh coinnithe maidir le:
    - méid na tógála talún
    - imní a bhaineann le hinmharthanacht talmhaíochta agus éifeachtaí ar fhiontair feirme ar thailte coinnithe
    - ceist na rochtana le linn thógáil agus oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe
    - tionchair mar gheall ar thorann agus creathadh
    - tionchair mar gheall ar dhusta, salachar agus astaíochtaí aeir le linn tógála

  - suaitheadh ginearálta, lena n-áirítear tionchair ar sheirbhísí (uisce agus cumhachta) le linn na céime tógála agus oibríochta, le míchaoithiúlacht ann dá bharr
  - tionchar ionchasach ar dhraenáil talún agus riosca tuilte
  - truailliú solais ó fheithiclí agus ó shoilse sráide
  - sábháilteacht na feirmeoireachta ar thailte coinnithe
  - tionchar ar fhoirgnimh feirme
- cóireálacha beartaithe teorann, lena n-áirítear tionchair amhairc agus tograí easnamhacha tírdhreachaithe
- tionchair ar thoibreacha príobháideacha agus ar fhoinsí nádúrtha uisce óil
- riosca breise treaspáis agus iompair frithshóisialta ar thailte in aice na forbartha bóthair atá beartaithe
- leordhóthanacht na measúnachta ar thionchair talmhaíochta
- tionchair ar chapaill

## 4.2 Tionchar ionchasach ar Thailte Coinnithe - Méid na tógála talún

### Ceist

4.2.1 Déantar agóid i 32 aighneacht/agóid go bhfuil a gcuid dtailte á bhfáil agus/nó maítear iontu go bhfuil tailte breise á bhfáil: Ob_102, Ob_103, Ob_106, Ob_111, Ob_145, Ob_198, Ob_226, Ob_238, Ob_239, Ob_255/256, Ob_272, Ob_273, Ob_457, Ob_480, Ob_485, Ob_495, Ob_496, Ob_553, Ob_566, Ob_570, Ob_571 Ob_603, Ob_626, Ob_629, Ob_631, Ob_651, Ob_684_551, Ob_688, Ob_705, Ob_716, Ob_751 agus Ob_754.

4.2.2 Tá soiléireacht á lorg ag aighneacht/agóid amháin, Ob_251, faoin bhfáth go bhfuil láthair bheag ar chúl a ghoirt á fáil.

4.2.3 Tá soiléireacht á lorg ag aighneacht/agóid amháin, Ob_255_256, faoin bhfáth go bhfuil láthair 255c.201 á fáil go buan.

### Freagra

4.2.4 Deimhníonn Ráiteas Fianaise Eileen McCarthy nach mbeartaítear ach na tailte atá riachtanach do thógáil agus d’oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe a fháil agus, mar sin, níl aon tailte sa bhreis ar an riachtanas sin.

4.2.5 Beartaítear an láthair ar chúl an ghoirt a fháil ón láthair dar tagairt 251 chun rochtain a sholáthar do dhraenáil uisce dhromchla.

4.2.6 Tá láthair 255c.201 ag teastáil chun an tógáil rochtain nua ar an réadmhaoin a éascú.

## 4.3 Tionchair ionchasacha ar Thailte Coinnithe - inmharthanacht tailte coinnithe

### Ceist

4.3.1 Cuirtear imní in iúl i 10 n-aighneacht/n-agóid a bhaineann le tionchair ionchasacha ar a dtailte coinnithe talmhaíochta: Ob_102, Ob_105, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_205, Ob_208, Ob_211 agus Ob_212.

4.3.2 Tugtar le fios i sé aighneacht/agóid go mbeidh sé níos deacra feirmeoireacht a dhéanamh ar a dtailte coinnithe. Ob_108, Ob_216, Ob_230, Ob_273, Ob_701, agus Ob_751.

### Freagra

4.3.3 Baineann an tionchar ionchasach seo leis an tionchar iarmharach ar fhiontair feirme ar thailte coinnithe.

4.3.4 Tá an tionchar iarmharach ar thailte coinnithe i gcás Ob_156, Ob_167, Ob_212 agus Ob_216 'gan tábhacht'. Tá an tionchar iarmharach ar thailte i gcás Ob_105, Ob_108, Ob_168, Ob_205, Ob_208 agus Ob_211 'measartha díobhálach'. Tá an tionchar iarmharach ar thailte i gcás Ob_230 agus Ob_273 'suntasach díobhálach'. Tá an tionchar iarmharach ar thailte i gcás Ob_701 an-suntasach díobhálach agus tá an tionchar ar Ob_751 'trom'. Tá measúnú déanta ar an tionchar talmhaíochta ar na tailte coinnithe seo i gCaibidil 14 den TMTT. Mionsonraítear na tionchair ar fheirmeacha aonair ar bhonn cás ar chás in Aguisín A.14.1 den TMTT agus achoimrítear iad i dTábla 14.7 agus i gCuid 14.8 de Chaibidil 14 den TMTT.

4.3.5 I gcás na dtionchar measartha díobhálach a liostaítear thuas, beidh an fiontar feirme atá ann in ann leanúint ar aghaidh ach beidh sé níos deacra, le hacmhainní bainistíochta breise ag teastáil. Mar shampla, scoitear na fiontair feirme a bhaineann le Ob_108, Ob_168, Ob_205 agus Ob_211 ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, rud a chruthaíonn gluaiseachtaí breise beostoic agus amanna aistir.

4.3.6 Tá na tionchair dhíobhálacha shuntasacha agus an-suntasacha ann i gcás Ob_230, Ob_273 agus Ob_701 mar thoradh ar scoitheadh agus toisc go bhfuil céatadán mór de na dáileachtaí talún á gcailleadh. Tiocfaidh laghdú suntasach ar scála na bhfiontar mairteola atá ann anois mar gheall ar chaillteanas talún agus beidh gá le méadú mór sna hacmhainní bainistíochta mar gheall ar scoitheadh.

4.3.7 Tagann an tionchar trom ar an réadmhaoin a bhaineann le Ob_751 chun cinn mar gheall ar éifeacht chomhcheangailte na forbartha bóthair N6/M6 roimhe seo i nDabhach Uisce, méid na tógála talún agus íogaireacht an-ard an fhiontair eachaí. Beidh athrú mór ar oibriú agus ar scála an fhiontair ar an dáileacht talún atá i gceist mar thoradh ar thionchar trom.

## 4.4 Rochtain ar Thailte Coinnithe le linn na céime tógála

### Ceist

4.4.1 Cuirtear imní in iúl i 50 aighneacht/agóid i ndáil le rochtain a choinneáil ar thailte coinnithe le linn na tréimhse tógála agus tá gealltanas á lorg ag cuid mhaith acu go gcoinneofar rochtain le linn na céime tógála.

4.4.2 Cuirtear an imní sin in iúl sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: Ob_103, Ob_105, Ob_108, Ob_115, Ob_117, Ob_145, Ob_147, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_197, Ob_199, Ob_205, Ob_208, Ob_209, Ob_211, Ob_212, Ob_213, Ob_217, Ob_226, Ob_230, Ob_233, Ob_239, Ob_246, Ob_249, Ob_250/466, Ob_251, Ob_254, Ob_255/256, Ob_259, Ob_272, Ob_273, Ob_311, Ob_480, Ob_481, Ob_484, Ob_485, Ob_496, Ob_498, Ob_506, Ob_603, Ob_626, Ob_628, Ob_629, Ob_631, Ob_632, Ob_684/551, Ob_750 agus Ob_757.

### Freagra

4.4.3 Léirítear in Aguisín A.14.1 den TMTT go scoitear na réadmhaoine a bhaineann le Ob_108, Ob_115, Ob_117, Ob_145, Ob_147, Ob_168, Ob_205, Ob_208, Ob_209, Ob_213, Ob_226, Ob_239, Ob_259, Ob_272_273, Ob_484, Ob_506 agus Ob_626 ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, le dáileachtaí talún scartha dá bharr, agus, mar sin, gur dóchúil go mbeidh na húinéirí talún sin thíos leis an scoitheadh nó leis an gcur isteach sealadach ar rochtain le linn na tréimhse tógála. Deirtear i gCuid 14.6.2 de Chaibidil 14 den TMTT go gcoinneofar rochtain dhóthanach feadh na forbartha bóthair atá beartaithe do na dáileachtaí talún sin le linn tógála trí phointí trasnaithe sealadacha a chur ar fáil do bheostoc agus d’innealra go dtí go mbeidh na hoibreacha rochtana áise buaine i bhfeidhm. I gcás ina gcuirtear isteach go sealadach ar rochtain tabharfar fógra roimh ré do na húinéirí talún. Deirtear i gCuid 14.5.3 de Chaibidil 14 den TMTT go bhfuil na tionchair sin sa raon gan tábhacht – beag le linn na céime tógála toisc nach maireann siad rófhada i.e. níos lú ná 36 mí, agus toisc go gcuirfidh an conraitheoir rochtain ar fáil.

4.4.4 Fostóidh an conraitheoir príomhtheagmhálaí / duine idirghabhála lena chinntiú go gcuirtear riachtanais rochtana in iúl don chonraitheoir agus go n-éascóidh an conraitheoir rochtain ar na tailte scartha.

4.4.5 Cé nach scoitear na réadmhaoine a bhaineann le Ob_103, Ob_105, Ob_156, Ob_167, Ob_197, Ob_199, Ob_211, Ob_212, Ob_217, Ob_230, Ob_233, Ob_246, Ob_249, Ob_250/466, Ob_251, Ob_254, Ob_255/256, Ob_260, Ob_311, Ob_480, Ob_481, Ob_485, Ob_496, Ob_498, Ob_603, Ob_628, Ob_629, Ob_631, Ob_632, Ob_684_551, Ob_750 agus Ob_757 mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, seans go mbeidh siad thíos le míchaoithiúlacht agus cur isteach sealadach mar gheall ar ghníomhaíocht agus trácht tógála. I gcás gur dóchúil go dtarlóidh sin, cuirfidh an príomh-theagmhálaí / duine idirghabhála na húinéirí talún a bhfuil tionchar ionchasach orthu ar an eolas ionas go bhféadtar rochtain éifeachtach a choinneáil agus go n-íoslaghdófar suaitheadh. Freisin, éilítear ar an gconraitheoir plean bainistíochta tráchta tógála a chur i bhfeidhm chun tionchair ar

rochtain ar bhóithre áitiúla a íoslaghdú – mar a imlínítear i gCuid 11 d'Aguisín A.7.5 den TMTT.

## 4.5 Rochtain ar thailte coinnithe le linn na céime oibríochta

### Ceist

4.5.1 Cuirtear imní in iúl i 57 de na haighneachtaí/hagóidí i ndáil le rochtain le linn na céime oibríochta: Ob_102, Ob_103, Ob_105, Ob_108_125, Ob_115, Ob_117, Ob_145, Ob_147, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_197, Ob_205, Ob_208, Ob_211, Ob_212, Ob_213, Ob_226, Ob_229, Ob_230, Ob_233, Ob_239, Ob_250_466, Ob_251, Ob_259, Ob_272, Ob_273, Ob_312, Ob_457, Ob_480, Ob_485, Ob_486, Ob_495, Ob_498, Ob_506, Ob_509, Ob_553, Ob_562, Ob_563, Ob_566, Ob_570, Ob_571, Ob_580, Ob_603, Ob_626, Ob_627, Ob_628, Ob_629, Ob_631, Ob_632, Ob_651, Ob_684_551, Ob_688, Ob_705_625, Ob_750 agus Ob_757.

4.5.2 Deirtear in aighneacht/agóid amháin, Ob_216, go mbeidh rochtain ar sheid talmhaíochta teoranta go dona.

4.5.3 Cuirtear imní in iúl in aighneacht/agóid amháin, Ob_506, maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe: '*Tá sé teoranta amach is amach, tá sé chasadh dhronuilleacha aige agus ní oirfidh sé don fhorbairt*'.

### Freagra

4.5.4 Rinneadh soiléiriú breise ar na sonraí rochtana atá beartaithe a áiríodh sa TMTT in Aguisín A.9.1 den Fhreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (IFB) a cuireadh faoi bhráid an Bhoird an 30 Lúnasa 2019. Cinnteoidh na bóithre agus geataí rochtana sin go bhfuil rochtain bhuan ar na tailte coinnithe ar fad. Tá na bóithre rochtana dá dtagraítear thíos 4.0m ar a laghad ar leithead le ciumhais féir 1m ar an dá thaobh atá leathan go leor d'aon innealra talmhaíochta. Áirítear sonraí leithid na mbóithre rochtana agus na ndaoine a gcuirtear iad ar fáil dóibh i gCuid 9.4 den Fhreagra IFB.

4.5.5 Ob_102: cuirfidh geata rochtana nua ar bhóthar rochtana BR 0/01 rochtain ar fáil ar thailte coinnithe mar a léirítear i bhFíor 4.1.01 d'Aguisín A.9.1.

4.5.6 Ob_103: cuirfidh bóthar rochtana BR 0/01 rochtain ar fáil ar an gclós feirme mar a léirítear i bhFíor 4.1.01 d'Aguisín A.9.1.

4.5.7 Ní bheidh aon athrú sna socruithe reatha rochtana do na tailte coinnithe a bhaineann le Ob_105, Ob_115, Ob_147, Ob_156, Ob_177, Ob_211, Ob_212, Ob_233, Ob_480, Ob_485, Ob_498, Ob_509, Ob_562, Ob_628, Ob_629, Ob_631, Ob_632, Ob_684_551, Ob_750 agus Ob_757. Tá rochtain ann cheana taobh thoir den láthair scoite do Ob_115.

4.5.8 Ob_108_125: cuirfidh bóthar rochtana BR0/02 rochtain ar fáil ar an talamh scoite siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe sna Foraí Maola Thiar mar a léirítear i bhFíor 4.1.01 d'Aguisín A.9.1. Níos faide ó thuaidh sa bhaile fearainn céanna coinneofar an teorainn agus geata rochtana mar atá i láthair 108 agus coinneofar

rochtain ar an teach cónaithe i láthair 125 mar a léirítear i bhFíor 4.1.02 d'Aguisín A.9.1.

4.5.9 Ob_117: cuirfear rochtain ar fáil ar thailte scoite siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe trí bhóthar rochtana BR 0/04. Ní chuireann bóthar rochtana BR 0/3 rochtain ar fáil ach ar an linn mhaolaithe amháin. Léirítear é sin i bhFíor 4.1.02 d'Aguisín A.9.1.

4.5.10 Ob_145: cuirfidh bóthar rochtana BR 1/03 ar an taobh ó theas den fhorbairt bóthair atá beartaithe rochtain ar fáil ar an talamh scoite sna Forraí Maola Thoir, agus cuirfear geata rochtana nua ar fáil ar Bhóthar na Forraí Maola ar an talamh ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe – mar a léirítear i bhFíor 4.1.02 d'Aguisín A.9.1.

4.5.11 Ob_167: cuirfidh bóthar rochtana BR 2/02 ar an taobh ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe rochtain ar fáil ar an talamh sa Troscaigh Thiar mar a léirítear i bhFíor 4.1.03 agus 4.1.04 d'Aguisín A.9.1.

4.5.12 Ob_168: cuirfidh bóthar rochtana BR 2/02 ar an taobh ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe rochtain ar fáil ar an talamh scoite sa Troscaigh Thiar mar a léirítear i bhFíor 4.1.04 d'Aguisín A.9.1.

4.5.13 Ob_197: cuirfidh geata goirt ar Bhóthar na hAille (L5384) rochtain ar fáil ar thalamh scoite sa Bhaile Ard Thoir ar an taobh ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe, agus cuirfidh geata goirt ar bhóthar rochtana BR 3/02 rochtain ar fáil ar na tailte ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe, mar a léirítear i bhFíor 4.1.05 d'Aguisín A.9.1.

4.5.14 Ob_205: cuirfidh geata goirt ar bhóthar rochtana BR 3/02 ar an taobh ó theas den fhorbairt bóthair atá beartaithe rochtain ar fáil ar an talamh scoite sa Bhaile Ard Thoir mar a léirítear i bhFíor 4.1.05 d'Aguisín A.9.1.

4.5.15 Ob_208: cuirfidh geata goirt ar bhóthar rochtana BR 3/02 ar an taobh ó theas den fhorbairt bóthair atá beartaithe rochtain ar fáil ar an talamh scoite san Aill mar a léirítear i bhFíor 4.1.05 d'Aguisín A.9.1.

4.5.16 Ob_213: gabhfaidh bóthar rochtana 4.03 in áit an bhealaigh isteach atá ann anois chuig an gclós feirme ar Bhóthar na Ceapaí. Níos faide ó thuaidh, tugtar rochtain le bóthar rochtana BR 4/05 ó Bhóthar na Ceapaí chuig Bóithrín na Buaile Bige a scoitear agus ar an gcaoi sin cuireann sé rochtain ar fáil ar thailte scoite níos faide ó thuaidh feadh Bhóithrín na Buaile Bige. Léirítear é sin i bhFíor 4.1.06 d'Aguisín A.9.1.

4.5.17 Ob_216: cuirfidh geata ar bhóthar rochtana BR 4/05 rochtain ar fáil ar sheid talmhaíochta mar a léirítear i bhFíor 4.1.06 d'Aguisín A.9.1.

4.5.18 Ob_226: nascfar Bóithrín scoite na Buaile Bige leis an tslí isteach reatha a scoithfear ar an teach le bóthar rochtana ar thaobh theas na forbartha bóthair atá beartaithe mar a léirítear i bhFíor 4.1.06 d'Aguisín A.9.1. San Fhíor seo freisin léirítear bóthar rochtana BR 4/05 a chuireann rochtain ar fáil ar Bhóithrín na Buaile Bige agus ar thalamh scoite ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

4.5.19 Ob_229: cuirfear rochtain ar fáil ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín le dhá gheata nua, ceann acu ó thuaidh agus ceann acu ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe, mar a léirítear i bhFíor 4.1.08 d'Aguisín A.9.1.

4.5.20 Ob_230: cuirfidh geata ar bhóthar rochtana BR 05/01 rochtain ar fáil ar lána rochtana scoite isteach go dtí an clós feirme agus an teach mar a léirítear i bhFíor 4.1.08 d'Aguisín A.9.1. Faightear rochtain ar an talamh coinnithe ón ngeata agus ón lána rochtana seo.

4.5.21 Ob_239: cuirfidh geata nua ar Bhóthar Rathúin rochtain ar fáil ar ghort scoite ar thaobh thuaidh na forbartha bóthair atá beartaithe. Cuirfidh geata ar bhóthar rochtana BR 06/03 rochtain ar fáil ar ghort scoite ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe mar a léirítear i bhFíor 4.1.09 d'Aguisín A.9.1.

4.5.22 Ob_250_466: cuirfear rochtain ar fáil ar thalamh scartha ar thaobh theas na forbartha bóthair atá beartaithe le bóthar rochtana BR 07/04. Nuair a chríochnófar oibreacha sealadacha ar dhraein dromchla ag an ionad seo, bainfear an fálú sealadach agus beidh rochtain ag an úinéir talún trasna na draenach seo mar a léirítear i bhFíor 4.1.10 d'Aguisín A.9.1.

4.5.23 Ob_251: cuirfear rochtain ar thailte coinnithe ar fáil le dhá gheata nua ar Bhóthar Leitrí (L1323) mar a léirítear i bhFíor 4.1.10 d'Aguisín A.9.1.

4.5.24 Ob_259: cuirfear rochtain ar fáil ar lána rochtana atá ann cheana, a théann ar aghaidh chuig láthair scoite, le bóthar rochtana BR 07/05 ó thuaidh de Bhóthar Leitrí, mar a léirítear i bhFíor 4.1.10 d'Aguisín A.9.1.

4.5.25 Ob_272: cuirfear rochtain ar fáil ar thalamh scoite ar thaobh thuaidh/thiar na forbartha bóthair atá beartaithe le geata ar bhóthar rochtana BR 07/05. Cuirfidh geata ar bhóthar rochtana BR 07/07 rochtain ar fáil ar ghort scoite ar thaobh thoir Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas mar a léirítear i bhFíoracha 4.1.10 agus 4.1.25 d'Aguisín A.9.1.

4.5.26 Ob_273: cuirfear rochtain ar thailte coinnithe ar an dá thaobh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar fáil le dhá gheata nua ar Bhóthar Leitrí mar a léirítear i bhFíor 4.1.10 d'Aguisín A.9.1.

4.5.27 Ob_312: cuirfidh bóthar rochtana BR 06/02 rochtain ar fáil ó Bhóthar athailínithe an Chlaí Bháin ar an áitreabh agus an clós feirme. Ní athrófar an bóthar agus an geata atá ann anois os comhair an chlóis feirme. Cuirfear geata rochtana nua goirt ar thailte coinnithe ar fáil mar a léirítear i bhFíor 4.1.09 d'Aguisín A.9.1.

4.5.28 Ob_457: cuirfidh bóthar rochtana BR 07/09 rochtain ar fáil ó Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh ar an talamh coinnithe mar a léirítear i bhFíor 4.1.10 d'Aguisín A.9.1.

4.5.29 Ob_486: cuirfidh bóthar rochtana BR 07/06 rochtain ar fáil ó Bhóthar Leitrí ar an áitreabh – slí isteach athailínithe atá i mbóthar rochtana BR 07/06 ar an suíomh go bunúsach. Tá rochtain ar an talamh coinnithe trí gheata ar bhóthar rochtana BR 07/07 amach ó Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas. Léirítear é sin i bhFíor 4.1.25 d'Aguisín A.9.1.

4.5.30 Ob_495: gheofar an láthair iomlán agus mar sin ní bheidh rochtain ag an úinéir talún air.

4.5.31 Ob_506: cuirfidh bóthar rochtana BR 07/10 atá suite amach ón gCuarbhóthar rochtain ar fáil ar thalamh scoite ar thaobh theas na forbartha bóthair atá beartaithe mar a léirítear i bhFíor 4.1.11 d'Aguisín A.9.1. Tá bóthar rochtana BR 07/10 160m ar fad agus tá an carrbhealach 4m ar leithead le ciumhaiseanna 1m ar an dá thaobh agus deartar é do ghluaiseacht shábháilte tráchta.

4.5.32 Ob_553: cuirfear rochtain ar fáil feadh an Bhóithrín seo ar an ngort scoite ar an taobh soir ó dheas le bóthar rochtana BR 09/02 a thrasnóidh faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe – mar a léirítear i bhFíor 4.1.13 d'Aguisín A.9.1. Don talamh scartha a ndéantar feirmeoireacht uirthi díreach soir ón Seanbhóthar i Mionlach, cuirfear rochtain ar fáil ón Seanbhóthar le bóithre rochtana BR 10/03 agus BR 10/04. Léirítear é sin i bhFíor 4.1.14 d'Aguisín A.9.1.

4.5.33 Ob_563: cuirfear rochtain ar fáil ar thalamh díreach siar ón Seanbhóthar le bóthar rochtana BR 10/01 mar a léirítear i bhFíor 4.1.13 d'Aguisín A.9.1. Beidh rochtain ar thalamh scartha díreach soir ón Seanbhóthar i Mionlach trí bhóthar rochtana BR 10/03 ón Seanbhóthar mar a léirítear i bhFíor 4.1.14 d'Aguisín A.9.1.

4.5.34 Ob_566: cuirfear rochtain ar fáil ar thalamh siar ón mBóthar Nua agus ar thalamh scartha ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe le bóthar rochtana BR 10/01 mar a léirítear i bhFíor 4.1.13 d'Aguisín A.9.1.

4.5.35 Ob_570: beifear in ann rochtain a fháil ar na tailte scartha ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe faoi Tharbhealach Mhionlaigh agus ní athrófar an rochtain ar na tailte ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

4.5.36 Ob_571: beidh rochtain ar na tailte coinnithe fós ón Seanbhóthar mar beidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ina droichead thar an Seanbhóthar mar a léirítear i bhFíor 4.1.14 d'Aguisín A.9.1.

4.5.37 Ob_580: cuirfear rochtain ar na tailte coinnithe scartha ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar fáil trí gheataí ar bhóthar rochtana BR10/07 mar a léirítear i bhFíor 4.1.14 d'Aguisín A.9.1.

4.5.38 Ob_603: cuirfear rochtain ar fáil ar Bhóthar N84 Áth Cinn le bóthar rochtana BR 11/02 mar a léirítear i bhFíor 4.1.16 d'Aguisín A.9.1. Coinneofar rochtain ó na foirgnimh feirme ar Bhóthar N84 Áth Cinn leis an mbóthar nua rochtana seo.

4.5.39 Ob_626: do thailte scartha soir ó Bhóthar N84 Áth Cinn, cuirfear rochtain ar fáil le bóthar rochtana BR 12/04 amach ó Bhóthar na Scoile sa Chaisleán Gearr mar a léirítear i bhFíoracha 4.1.16 agus 4.1.17 d'Aguisín A.9.1.

4.5.40 Ob_627: cuirfear rochtain ar fáil ar thalamh scoite ar thaobh thuaidh na forbartha bóthair atá beartaithe le bóthar rochtana BR 12/04 amach ó Bhóthar na Scoile sa Chaisleán Gearr. Do thalamh scartha soir ó Bhóthar na Scoile sa Chaisleán Gearr, cuirfear rochtain ar fáil le BR 13/02. Léirítear é sin i bhFíor 4.1.17 d'Aguisín A.9.1.

4.5.41 Ob_651: cuirfear rochtain ar fáil ar thalamh scoite ar thaobh thuaidh na forbartha bóthair atá beartaithe le bóthar rochtana BR 13/02 amach ó Bhóthar na Scoile sa Chaisleán Gearr mar a léirítear i bhFíor 4.1.17 d'Aguisín A.9.1.

4.5.42 Ob_688: cuirfear geata rochtana nua ar fáil in áit na rochtana geata atá ann anois ar Bhóthar N83 Thuama mar a léirítear i bhFíor 4.1.18 d'Aguisín A.9.1.

4.5.43 Ob_705_625: cuirfear rochtain ar na tailte coinnithe scoite ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ar fáil trí bhóthar rochtana BR13/02 mar a léirítear i bhFíor 4.1.17 d'Aguisín A.9.1. Freisin, bainfear fálú sealadach ag pointe caolais bhóthair tar éis na tógála chun rochtain bhuan a ligean trasna an phíosa chúing talún seo.

## 4.6 Tionchair ionchasacha ar thailte coinnithe - Torann

### Ceist

4.6.1 Cuirtear imní in iúl i 52 aighneacht/agóid faoi thionchair ionchasacha ar thailte coinnithe de bharr torainn: Ob_102, Ob_105, Ob_108, Ob_111, Ob_115, Ob_117, Ob_145, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_199, Ob_205, Ob_208, Ob_209, Ob_211, Ob_212, Ob_213, Ob_216, Ob_217, Ob_229, Ob_230, Ob_238, Ob_239, Ob_251, Ob_272, Ob_273, Ob_311, Ob_312, Ob_468_501, Ob_485, Ob_486, v498, Ob_499, Ob_505, Ob_507, Ob_510, Ob_571, Ob_603, Ob_626, Ob_628, Ob_629, Ob_631, Ob_632, Ob_651, Ob_688, Ob_684_551, Ob_705_625, Ob_716, Ob_750, Ob_751 agus Ob_757.

### Freagra

4.6.2 Rachaidh Jennifer Harmon i ngleic le tionchair torainn ar dhaoine ina ráiteas fianaise. Baineann mo fhreagra thíos le tionchair ar bheostoc.

4.6.3 Meastar gur foinse suaite do bheostoc iad torann agus creathadh agus déantar measúnú ar an tionchar sin i gCuid 14.5.3 de Chaibidil 14 den TMTT. Deirtear ann: "Beidh torann agus creathadh ginearálta na tógála ina ndrochthionchair neamhshuntasacha nó ina ndrochthionchair bheaga. D'fhéadfadh freagairt teite sa bheostoc a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí briste/pléasctha carraigeacha ach is annamh go mbíonn tionchar suntasach mar thoradh orthu, agus beidh drochthionchair neamhshuntasacha nó drochthionchair bheaga i gceist." Deirtear i gCuid 14.6.2 de Chaibidil 14 den TMTT: "Ceapfar príomh-theagmhálaí le linn na céime tógála chun cumarsáid idir na húinéirí talún lena mbaineann a éascú agus atheagrú na bhfiontar feirme ag feirmeoirí le linn amanna criticiúla a éascú", agus "Cuirfear úinéirí talún ag a bhfuil tailte taobh leis na láithreáin i gcás go mbeidh briseadh carraigeacha, pléascadh nó píleáil ar siúl ar an eolas roimh ré maidir leis na gníomhaíochtaí sin". Glacann an mheasúnacht tionchair talmhaíochta an "cás is measa" go bhféadfadh suaitheadh tógála de bharr torainn a bheith ag ionad ar leith ar feadh suas le 36 mí. Mar sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ar aon cheann de na dáileachtaí talún lena mbaineann a liostaítear sna haighneachtaí thuas (alt 4.6.1) ar feadh na tréimhse tógála iomláine. É sin ráite, ní fhéadfadh an "cás is measa" sin teacht chun cinn riamh i ndáiríre toisc go mairfidh an tréimhse torainn tógála ag

ionad ar leith ar feadh roinnt míonna ar a mhéid le linn na tréimhse foriomláine tógála trí bliana.

4.6.4 Téann beostoc i dtaithí go tapa ar thorann, creathadh agus gluaiseachtaí innealra tógála agus bíonn siad ar féarach ar thailte in aice bóithre nua le linn na céime tógála agus oibríochta. Le linn na céime tógála, áfach, féadtar beostoc a scanrú i gcás go mbíonn athruithe tobanna sa timpeallacht féaraigh agus bíonn baol gortaithe ann de bharr na freagartha teite. Mar shampla, tarlaíonn sé ag tús na gníomhaíochta tógála nó le briseadh carraigeacha nó pléascadh carraigeacha. Beidh níos mó ama ag teastáil ó úinéirí talún le linn na céime tógála chun a mbeostoc a bhainistiú agus a mhonatóiriú. Is cuid den tionchar suaite é sin ar feadh na céime tógála, a dtéitear i ngleic leis i gCuid 14.5.3 de Chaibidil 14 den TMTT agus do dháileachtaí aonair talún in Aguisín A.14.1 den TMTT. Meastar go bhfuil tionchar an tsuaite seo gan tábhacht go beag toisc nach mairfidh sé i bhfad agus toisc nach mbíonn éifeacht shuntasach ag torann ar bheostoc. Tá sé riachtanach go mbeidh cumarsáid mhaith idir an conraitheoir agus úinéirí talún chun úinéirí talún a chur ar an eolas roimh bhriseadh carraigeacha nó pléascadh carraigeacha ionas go mbeidh úinéirí talún in ann a mbeostoc a bhainistiú le linn na céime tógála.

4.6.5 Léirítear i bhFíoracha 7.201 agus 7.302 den TMTT na suíomhanna beartaithe agus féideartha pléasctha (léirítear suíomhanna féideartha pléasctha le réiltín sa liosta a leanas). Is suíomhanna teorantacha beartaithe agus féideartha iad Ob_102, Ob_105, Ob_108, Ob_111, Ob_115, Ob_117, Ob_145*, Ob_168, Ob_177, Ob_199, Ob_205, Ob_208, Ob_211, Ob_212*, Ob_213, Ob_229*, Ob_230, Ob_238*, Ob_272, Ob_273*, Ob_311, Ob_468_501, Ob_498, Ob_499*, Ob_505, Ob_507, Ob_603*, Ob_626, Ob_628, Ob_629, Ob_631, Ob_632, Ob_688, Ob_705_625, Ob_716*, Ob_750* agus Ob_751. Beidh an pléascadh ar nós pléasctha gunna nó roise toirní ó thaobh éifeacht torainn de. Tá sé meandrach agus cé go mbíonn creathadh aeir agus talún in éineacht leis, ní bhíonn aon spreagthach amhairc, rud is gá de ghnáth chun freagairt teite leanúnach a chruthú i measc beostoic. I gcás briste nó pléasctha carraigeacha, moltar beostoc a bhaint ó fhoisceacht an phléasctha, goirt bheaga in aice an tsuímh briste / pléasctha carraigeacha mar shampla, go sealadach ar dtús. Nuair a théann beostoc i dtaithí ar phléascadh / bhriseadh, is féidir iad a chur ar ais arís sna goirt thadhlacha. Cuirfidh an duine teagmhála a oibríonn don chonraitheoir na húinéirí talún a bhfuil tionchar orthu ar an eolas faoi phléascadh nó briseadh carraigeacha.

4.6.6 I measc na n-aighneachtaí a liostaítear in 4.6.1 thuas, liostaítear go bhfuil capaill ar an talamh in aighneachtaí / agóidí Ob_115, Ob_117, Ob_167, Ob_211, Ob_216, Ob_498, Ob_505, Ob_507, Ob_632, Ob_750 agus Ob_751 in Aguisín A.14.1 den TMTT. Téitear i ngleic leis an tionchar a bhíonn ag torann ar chapaill i ráiteas fianaise an Uas. Sadlier. Fostóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe saineolaí tréidliachta ar feadh an chonartha tógála chun idirghabháil leis na húinéirí talún sin d’fhonn a chinntiú go dtugtar faoi leas beostoic go himleor.

## 4.7 Tionchar ionchasach ar Thailte Coinnithe - Dusta, Salachar agus Truailliú Aeir

### Ceist

4.7.1 Cuirtear imní in iúl i 16 aighneacht/agóid faoi thionchair ionchasacha ar a dtailte coinnithe i ndáil le salachar nó láib ón ngníomhaíocht tógála atá beartaithe: Ob_102, Ob_105, Ob_115, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_205, Ob_208, Ob_211, Ob_212, Ob_217, Ob_603, Ob_632, Ob_750 agus Ob_751.

4.7.2 Cuireann trí aighneacht/agóid eile imní in iúl faoi thionchair ionchasacha a bhaineann go díreach le dusta agus truailliú aeir: Ob_111, Ob_505, agus Ob_757.

### Freagra

4.7.3 Mar a pléadh i gCuid 14.6.2 de Chaibidil 14 den TMTT, tá tionchair ionchasacha tógála de bharr dusta a chruthófar le linn thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe. Is tionchar sealadach é an cruthú dusta, áfach, agus ní bheidh tionchar suntasach aige ar bheostoc ar féarach a bhfuil fulaingt ard acu do mhéid ardaithe cré/ithreach san fhéar[2] agus nach bhfuil íogair do cháithníní dusta san aer i ndálaí amuigh faoin aer. Ní chruthaíonn dusta ó shuíomhanna tógála greannú súl ná fadhbanna riospráide do bheostoc ar féarach sa cheantar céanna.

4.7.4 Áirítear bearta maolaithe i gCaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid, den TMTT agus an Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála (CEMP) in Aguisín A.7.5 den TMTT le haghaidh dusta ar nós rialú luasanna feithiclí agus teorainneacha luais, spraeáil gníomhaíochtaí oibreacha créafóige nochta agus bealaí iompair láithreáin le linn aimsir thirim, soláthar de níochán rothaí ag pointí éalaithe agus scuabadh bóithre le dromchla crua. Leagtar amach sa CEMP freisin ceanglais i ndáil le dusta a chuirfear i bhfeidhm le linn tógála.

4.7.5 Nuair a thriomaíonn ‘salachar’ amach, féadann sé dul san aer agus dusta a chruthú. É sin ráite, féadann sé taisteal freisin trí dhraenáil uisce dhromchla sa rith ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Rialófar an rith ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le linn na céime tógála leis an bPlean Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truaillithe (Cuid 8 den CEMP in Aguisín A.7.5) agus le sraith bearta maolaithe i gCuid 11.6.2 den TMTT. Déanfaidh an dearadh draenála, a chuireann imchuacha insíothlaithe agus linnte maolaithe ar fáil ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe, cáilíocht an screamhuisce a chothabháil le linn na céime oibríochta.

4.7.6 Meastar go bhfuil na tionchair ionchasacha ar na dáileachtaí talún ar fad, lena n-áirítear iad siúd in Ob_102, Ob_105, Ob_111, Ob_115, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_205, Ob_208, Ob_211, Ob_212, Ob_217, Ob_603, Ob_632, Ob_750, Ob_751 agus Ob_757, ó astaíochtaí aeir agus ó shalachar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le linn na céime oibríochta gan tábhacht i gCuid 14.5.4 de Chaibidil 14 den TMTT. Níl aon rialacháin reachtúla ná treoirdhoiciméid cáilíochta i ndáil le feoil ná bainne

[2] In aimsir fhliuch, tá sé coitianta go mbíonn leibhéil arda cré/ithreach san fhéar féaraigh, sa sadhlas agus i mbarra fodair in-situ. Bíonn suas le 5% ithir agus níos mó go minic i mbiatas fodair a thugtar do bheithígh mar bhia.

a tháirgtear i bhfeirmeacha in aice le mótarbhealaí toisc nach bhfuil aon éifeachtaí suntasacha a bhfuil eolas air. Tuartar i dTábla 16.27 de Chaibidil 16 den TMTT go mbeidh uasrátaí bliantúla an tsil-leagain Nítrigine 1.27 kg/ha/bliain ar thalamh in aice na forbartha bóthair atá beartaithe. Ní chuirfidh sé isteach go suntasach ar fhás nó ar cháilíocht an fhéir.

## 4.8 Suaitheadh do Sheirbhísí le linn Tógála

### Ceist

4.8.1 Cuirtear imní in iúl i 47 aighneacht/agóid faoi shuaitheadh ginearálta, lena n-áirítear tionchair ar sheirbhísí (uisce agus cumhachta) le linn na céime tógála, le míchaoithiúlacht ann dá bharr. Bhí gealltanais á lorg i gcuid de na haighneachtaí/hagóidí sin freisin go gcoinneofar aon seirbhísí a gcuirfear as dóibh: Ob_102, Ob_103, Ob_105, Ob_108, Ob_115, Ob_117, Ob_145, Ob_147, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_197, Ob_199, Ob_205, Ob_208, Ob_211, Ob_212, Ob_213, Ob_216, Ob_217, Ob_233, Ob_239, Ob_246, Ob_249, Ob_250_466, Ob_251, Ob_254, Ob_255_256, Ob_259, Ob_272, Ob_273, Ob_311, Ob_480, Ob_481, Ob_485, Ob_496, Ob_498, Ob_506, Ob_575, Ob_603, Ob_626, Ob_628, Ob_629, Ob_631, Ob_684_551 agus Ob_750.

### Freagra

4.8.2 Aithnítear i gCuid 14.5.3 de Chaibidil 14 den TMTT agus sna measúnachtaí aonair dáileachta talún in Aguisín A.14.1 den TMTT go gcuirfear isteach go sealadach ar sholáthairtí uisce agus cumhachta. Coinneoidh an conraitheoir na seirbhísí ar fad le linn tógála. Mar a pléadh i gCuid 14.6.2 de Chaibidil 14 den TMTT, i gcás ina gcuirtear isteach ar sholáthairtí reatha uisce agus leictreachais i rith na céime tógála, cuirfear foinse uisce nó soláthar leictreachais eile ar fáil e.g. umar uisce nó nasc ar sholáthar cumhachta. Má chuirtear srian buan ar rochtain ar fhoinsí uisce óil dromchla, soláthrófar soláthairtí screamhuisce eile nó cúiteamh chun deis a thabhairt don fheirmeoir a thobar féin a dhruileáil. Leis an maolú ar nós duchtáil do phíobáin uisce agus do cháblaí cumhachta a sholáthar agus tancaeir uisce agus soláthairtí uisce eile a sholáthar, meastar go bhfuil na tionchair suaite seo ar sheirbhísí ‘gan tábhacht’ nó ‘beag’.

## 4.9 Tionchair ionchasacha ar Thailte Coinnithe - Draenáil Talún agus Riosca Tuile

### Ceist

4.9.1 Cuirtear imní in iúl i 42 aighneacht/agóid faoi thionchair ionchasacha ar dhraenáil reatha talún agus maítear iontu nach bhfuil go leor sonraí draenála curtha ar fáil: Ob_103, Ob_108, Ob_117, Ob_145, Ob_147, Ob_194, Ob_197, Ob_207, Ob_216, Ob_230, Ob_233, Ob_226, Ob_230, Ob_238, Ob_239, Ob_246, Ob_249, Ob_250_466, Ob_251, Ob_254, Ob_255_256, Ob_259, Ob_272, Ob_273, Ob_311, Ob_457, Ob_468_501, Ob_480, Ob_481, Ob_484, Ob_485, Ob_496,

Ob_498, Ob_626, Ob_628, Ob_629, Ob_631, Ob_651, Ob_684_551, Ob_688, Ob_716 agus Ob_751.

4.9.2 Cuirtear imní in iúl sna haighneachtaí/hagóidí a leanas freisin faoi riosca méadaithe tuilte ar a dtailte coinnithe mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe: Ob_103, Ob_145, Ob_194, Ob_216, Ob_238, Ob_239, Ob_249, Ob_250_466, Ob_251, Ob_259, Ob_273, Ob_273, Ob_311, Ob_468_501, Ob_485, Ob_496, Ob_498, Ob_626, Ob_629, Ob_631, Ob_635, Ob_651 agus Ob_684_551.

### Freagra

4.9.3 Rachaidh Tony Cawley i ngleic leis na saincheisteanna draenála talún agus riosca tuilte ina ráiteas fianaise. Rachaidh mise i ngleic le tionchair talmhaíochta na rioscaí sin.

4.9.4 Aithnítear an tionchar ionchasach ar dhraenáil talún i gCuid 14.5.3 de Chaibidil 14 den TMTT agus téann na bearta maolaithe i gCuid 14.6.2 de Chaibidil 14 agus i gCuid 11.7.1 de Chaibidil 11 den TMTT i ngleic leis na tionchair ionchasacha ar dhraenáil talún. Le linn tógála, i gcás ina n-athraítear sruth éalaithe draenála go sealadach nó go mblocáiltear nó go ndéantar damáiste do dhraenacha talún, coinneofar sruth éalaithe draenála a bheidh dóthanach agus deiseofar draenacha ar an talamh. Le linn chéimeanna tógála agus oibríochta na forbartha bóthair atá beartaithe, cuirfear an rith screamhuisce ar mhalairt slí chuig linnte cóireála sula scaoiltear é agus is leor an dearaidh draenála chun an draenáil reatha talún a choinneáil. Agus forfheidhmiú na mbeart maolaithe seo á chur san áireamh, tá an tionchar iarmharach gan tábhacht nó beag.

## 4.10 Tionchar ionchasach mar thoradh ar thruailliú solais

### Ceist

4.10.1 Cuirtear imní in iúl i 7 n-aighneacht/n-agóid faoi thionchair ionchasacha ó shoilse sráide agus ó thruailliú solais: Ob_111, Ob_199, Ob_213, Ob_216, Ob_311, Ob_688 agus Ob_751.

### Freagra

4.10.2 Cuirtear síos ar na soilse bóthair atá beartaithe i gCuid 5.5.4.4 de Chaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe, den TMTT agus léirítear cineál agus ionad na soilse, lena n-áirítear méideanna ionchasacha an doirte solais, i bhFíoracha 5.4.01 go 5.4.15 den TMTT. Níl aon rialacháin náisiúnta um shoilsiú bóthair ann i ndáil le beostoc talmhaíochta agus ní théann soilse i bhfeidhm go suntasach ar leas ná ar fheidhmíocht beostoic féaraigh.

4.10.3 I gCuid 14.4.2 de Chaibidil 14 den TMTT, téitear i ngleic le ceist an tionchair ó thrácht agus deirtear go mbeidh suaitheadh beag ann mar gheall ar thrácht. Tá neart samplaí ann ina mbíonn beostoc ar féarach in aice le bóithre náisiúnta gnóthacha gan aon éifeachtaí suntasacha orthu de bharr soilse feithiclí. Is iad na spreagthaigh a gceapann beostoc gur bagairtí iad a chruthaíonn an fhreagairt 'troda nó teite' –

agus ní bhraitear gur bagairtí iad soilse feithiclí. Íoslaghdófar an éifeacht ionchasach seo le tírdhreachú feadh theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe.

## 4.11 Sábháilteacht na feirmeoireachta ar thailte coinnithe

### Ceist

4.11.1 Léirítear imní i 21 aighneacht/agóid faoi shábháilteacht na dtailte coinnithe: Ob_102, Ob_105, Ob_115, Ob_156, Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_205, Ob_208, Ob_211, Ob_212, Ob_216, Ob_217, Ob_486, Ob_499, Ob_505, Ob_506, Ob_507, Ob_575, Ob_632 agus Ob_750.

4.11.2 Ceistítear go sonrach i 3 cinn acu sin freisin sábháilteacht na cóireála teorann atá beartaithe ina bhfuil gearradh domhain, mar shampla ag N59 Acomhal Leitrí: Ob_505, Ob_506 agus Ob_507.

### Freagra

4.11.3 Aithnítear i gCuid 14.4.2 de Chaibidil 14 den TMTT go bhfuil tionchair ionchasacha ann mar gheall ar an athrú i struchtúr agus i leagan amach na feirme agus go mbeidh suaitheadh buan mar thoradh air sin. Beidh ar fheirmeoirí a gcleachtais a athrú lena chinntiú nach dtéann innealra, beostoc nó rudaí ón bhfeirm amach ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus is cuid é sin den tionchar foriomlán a mheastar do gach feirm. Beidh athruithe sa chaoi a n-oibríonn feirmeoirí i gcuid áirithe den ghabháltas de bharr coirnéil bhreise goirt nó rioscaí breise de bharr fánaí a thógfar in aice na forbartha bóthair atá beartaithe. Is gné nua riosca é bóthar nua a bheith ann in aice feirme a gcaithfidh gach úinéir talún a bhfuil tionchar orthu a chur san áireamh. Áirítear leis na rioscaí nua beostoc a théann ar strae amach ar an mbóthar nua, innealra nó rudaí (m.sh. cornaí) ag dul ón talamh amach ar an mbóthar nua nó feithiclí ón mbóthar nua ag dul isteach ar an talamh. Féadtar go gcruthaítear fánaí géara ina dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe talamh gearrtha talmhaíochta mar atá soir ó Bhóthar Leitrí ina bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe gearrtha go domhain trí na tailte a bhaineann le Ob_461, Ob_272_462, Ob_457, Ob_502, Ob_504, Ob_505 agus Ob_506. Tá an talamh sna dáileachtaí talún a bhaineann le Ob_505, Ob_506 agus Ob_507 ar dhroch-chaighdeán agus garbh agus ní thrasnaíonn innealra talmhaíochta go minic iad. Agus na sonraí topagrafacha digiteacha don cheantar seo athbhreithnithe agam, deimhním gur réfhánaí iad na fánaí sna dáileachtaí talún a bhaineann le Ob_505 agus Ob_507 in aice theorann na forbartha atá beartaithe sna tailte coinnithe agus gur beag an riosca go rollfaidh aon rud amach ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. I gcás na dáileachta talún a bhaineann le Ob_506 tá réfhána de thuairim is 15% ar thaobh thuaidh na forbartha bóthair atá beartaithe. Tá an fána seo comhthreomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, in áit a bheith ina treo. Is beag an riosca go rollfaidh aon rud amach ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ón dáileacht talún seo ach oiread. Is cuid den tírdhreach nádúrtha feirmeoireachta ar fud na hÉireann iad fánaí géara in aice talamh feirme agus is féidir le feirmeoirí an suaitheadh buan seo a bhainistiú go héifeachtach gan fálú sábháilteachta breise. Ní

théann feithiclí isteach ar thalamh talmhaíochta go minic mar gheall ar ardchaighdeán na sábháilteachta ar bhóithre nuadheartha. Mar sin, ní bheidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shábháilteacht beostoic ná ar phearsanra feirmeoireachta.

## 4.12 Caillteanas foirgneamh talmhaíochta

### Ceist

4.12.1 Tagraítear do chaillteanas foirgneamh talmhaíochta i dtrí aighneacht/agóid, Ob_216, Ob_259 agus Ob_705_625.

### Freagra

4.12.2 Téitear i ngleic le caillteanas foirgneamh talmhaíochta i gCuid 14.5.3 de Chaibidil 14 den TMTT ina ndeirtear go mbeidh fáil d'fhoirgnimh feirme (seideanna beaga agus cróite den chuid is mó) mar thoradh ar thógáil talún ar 17 ndáileacht talún,[3] lena n-áirítear dáileacht talún 259 agus 705/625. Tionchar sealadach a bheidh i gceist ar na dáileachtaí talún sin toisc go bhféadtar foirgnimh nua a chur in áit na n-áiseanna sin ar na tailte coinnithe.

4.12.3 Maidir le Ob_216, ní leagfar an foirgneamh talmhaíochta/seid - beidh bóthar rochtana BR 4/05 suite tuairim is 15m ón tseid.

4.12.4 Ní chuirtear isteach go suntasach ar bheostoc faoi dhíon le torann ó thrácht ar bhóithre in aice láimhe - go deimhin tá cuid mhaith clós feirme suite ar thaobh bóithre náisiúnta. Tá beostoc i dtaithí ar an torann ó innealra feirme istigh sna seideanna agus lasmuigh díobh. Tá neart samplaí de stáblaí, de raonta traenála agus de thithíocht beostoic atá ann le cuid mhaith blianta an-ghar (i.e. níos lú ná 100m) don líonra reatha mótarbhealaigh (m.sh. N7/M7 i gContae Chill Dara).

## 4.13 Cóireálacha Teorann agus coinneáil Ballaí Cloiche

### Ceist

4.13.1 Iarrtar sonraí breise maidir le cóireálacha teorann ar a ngabháltais talún a bhfuil tionchar orthu i 15 aighneacht/agóid: Ob_145, Ob_213, Ob_238, Ob_246, Ob_272, Ob_311, Ob_468_501, Ob_485, Ob_498, Ob_603, Ob_626, Ob_628, Ob_629, Ob_631 agus Ob_684_551.

4.13.2 Iarrtar fálú de chineál ráillí stoda in aighneacht/agóid amháin, Ob_751.

4.13.3 Ceistítear in aighneacht/agóid amháin, Ob_226, cá luíonn an fhreagracht maidir le teorainn bheartaithe na forbartha bóthair atá beartaithe a chothabháil.

4.13.4 Léirítear imní i 28 aighneacht/agóid maidir leis an tírdhreachú atá beartaithe agus tionchair ar na tailte coinnithe: Ob_102, Ob_105, Ob_115, Ob_117, Ob_156,

[3] Tag. Uimh. PRO/MO 117, 154, 229, 243, 259, 289, 495, 498, 572, 583, 625, 626, 632, 691, 689, 701 & 754

Ob_167, Ob_168, Ob_177, Ob_197, Ob_199, Ob_205, Ob_208, Ob_211, Ob_212, Ob_217, Ob_239, Ob_468_501, Ob_499, Ob_575, Ob_603, Ob_620, Ob_632, Ob_651, Ob_688, Ob_705_625, Ob_716, Ob_750 agus Ob_751.

4.13.5 Cuirtear in aghaidh na claíocha cloiche a bhaint i 21 aighneacht/agóid. Tugtar le tuiscint go bhfuil na ballaí cloiche níos oiriúnaí do charachtar áitiúil an cheantair a bhfuil tionchar air agus go bhfuil siad níos éifeachtaí mar theorainn stocdhíonach agus mar fhoscadh do bheostoc: Ob_103, Ob_108, Ob_117, Ob_145, Ob_194, Ob_197, Ob_199, Ob_216, Ob_230, Ob_233, Ob_239, Ob_246, Ob_249, Ob_254, Ob_255_256, Ob_273, Ob_311, Ob_480, Ob_481, Ob_496 agus Ob_688.

## Freagra

4.13.6 Rachaidh Thomas Burns i ngleic leis na ceisteanna a bhaineann le tírdhreachú ina ráiteas fianaise. Cuirfidh Eileen McCarthy na sonraí maidir le cóireáil teorann ar fáil ina ráiteas fianaise. Tabharfaidh mise freagra maidir le slándáil na cóireála teorann atá beartaithe agus imní faoi chaillteanas foscaidh thíos.

4.13.7 Tá gá leis an bhfálú teorann chun achar na forbartha bóthair atá beartaithe a dhaingniú agus cosc a chur ar dhaoine nó ar fhiadhúlra ar strae le nach féidir leo dul isteach ar an líonra bóthair agus úsáideoirí bóthair a chur i mbaol. I gcomhréir le caighdeáin BIÉ, agus d’fhonn sábháilteacht úsáideoirí bóthair a chinntiú, cuirfear fálú teorann stocdhíonach ar fáil mar chuid de na príomhoibreacha tógála.

4.13.8 An príomhriachtanas ó thaobh na talmhaíochta de ná a chinntiú go bhfuil teorainn na forbartha bóthair atá beartaithe stocdhíonach. Tá an fálú cuaillí agus ráillí níos éifeachtaí ná ballaí cloiche agus ní bhíonn gá leis an méid céanna cothabhála. Comhlíonann sé riachtanais an mhaolaithe mar a leagtar amach i gCuid 14.6 de Chaibidil 14 den TMTT ina ndeirtear go dtógfar “fálú teorann oiriúnach chun líne teorann na forbartha atá beartaithe a léiriú agus cur isteach ar thalamh in aice láimhe a chosc”. Is annamh a théann beostoc ar strae ar phríomhbhóithre náisiúnta toisc a éifeachtaí is atá fálú teorann BIÉ feadh na mbóithre sin agus, mar sin, tá an fálú cuaillí agus ráillí atá beartaithe cuí agus oiriúnach don fheidhm.

4.13.9 Déanfar teorainn na forbartha atá beartaithe a thírdhreachú mar a léirítear i bhFíoracha 12.1.01 go 12.1.15 d’Imleabhar 3 den TMTT. Deirtear i gCuid 12.2.5 den TMTT go dtógann sé 5 – 7 mbliana tar éis an phlandaithe go dtí go gcuirtear tírdhreach agus maolú amhairc éifeachtach ar fáil leis an tírdhreachú agus léiríonn sin freisin an méid ama a thógfaidh sé chun foscadh éifeachtach do bheostoc a chur ar ais arís. Tar éis an chaillteanais ghearrthéarmaí-mheántéarmaí foscaidh sin, cuirfear foscadh éifeachtach ar fáil go fadtéarmach leis an bplandú nua. Mar sin, tá tionchar foriomlán chaillteanas na mballaí cloiche gan tábhacht ó thaobh na talmhaíochta de.

4.13.10 Sa chás go mbainfear ballaí cloiche, coinneofar an chloch agus cuirfear ar fáil í lena hathúsáid ag úinéir na talún chun balla cloiche nua a thógáil ar a thaobh féin de theorainn na forbartha atá beartaithe más mian leis.

4.13.11 Cothóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe an teorainn atá beartaithe do na tailte i ndáil le Ob_226, atá suite díreach soir ó Bhóthar na Ceapaí feadh phríomhlíne na

forbartha bóthair atá beartaithe. Beidh an t-úinéir talún freagrach as an teorainn atá beartaithe feadh an bhóthair rochtana isteach chuig an teach cónaithe (ina ndéantar teorainn le réadmhaoin tag. 224) áfach.

4.13.12 Go ginearálta, cothóidh an t-údarás áitiúil an teorainn atá beartaithe feadh phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe agus beidh na húinéirí talún freagrach as an teorainn nua feadh na dtaobh-bhóithre a chothabháil.

4.13.13 Téann Eileen McCarthy i ngleic leis na sonraí maidir le cóireáil teorann ina ráiteas fianaise.

4.13.14 Ós rud é gur graífheirm é Ob_751, beartaítear fálú stoda cineál B (Caighdeán CC-SCD-00322) a úsáid don teorainn mar a léirítear i bhFíor 4.1.21 d'Aguisín A.9.1 den Fhreagra IFB a cuireadh faoi bhráid an Bhoird ar an 30 Lúnasa 2019.

## 4.14 Caillteanas foinsí uisce nó tionchar ionchasach ar thoibreacha príobháideacha

### Ceist

4.14.1 Luaitear an tionchar ionchasach ar thoibreacha príobháideacha i dtrí aighneacht/agóid, Ob_239, Ob_311 agus Ob_496.

4.14.2 Tarraingítear anuas na tionchair ionchasacha ar fhoinsí nádúrtha uisce i gcúig aighneacht/agóid, Ob_115, Ob_117, Ob_505, Ob_507 agus Ob_580.

### Freagra

4.14.3 Deirtear i gCodanna 14.5.3 agus 14.5.4 de Chaibidil 14 den TMTT 'go gcuirfear isteach ar bhonn sealadach ar na soláthairtí uisce'. Deirtear i gCuid 10.6.2.2.2 de Chaibidil 10 den TMTT go ndéanfar '*monatóireacht ar na toibreacha ar fad atá laistigh de 150m de theorainn na forbartha bóthair (nó 50m ón ZOI íostarraingthe, má tá sé níos faide) ar bhonn míosúil ar feadh 12 mhí roimh an obair, le linn tógála agus ar feadh 12 mhí tar éis tógála. Más léir ón monatóireacht go bhfuil tionchar ar thobar soláthair nó geoiteirmeach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm*'. Lena chois sin, deirtear i gCuid 14.6.2 de Chaibidil 14 den TMTT, i gcás ina gcuirtear isteach ar sholáthairtí nó ar fhoinsí uisce i rith na tréimhse tógála, cuirfear foinse nó soláthar uisce eile ar fáil e.g. umar uisce do bheostoc nó tobar tollta. Cuirfear duchtanna seirbhíse ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe in áiteanna ina scoitear talamh. Coinneofar caighdeán an screamhuisce trí bhearta maolaithe a shonraítear i gCuid 10.6.2.1 de Chaibidil 10 agus i gCuid 11.6.2 de Chaibidil 11 den TMTT a chur i bhfeidhm; mar shampla, an Plean Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truaillithe atá sa CEMP in Aguisín A.7.5 den TMTT a chur i bhfeidhm. Pléitear an tionchar ionchasach ar fhoinsí reatha uisce sna measúnachtaí aonair feirme in Aguisín A.14.1 den TMTT.

## 4.15 Caillteanas ionchasach Slándála agus Príobháideachais

### Ceist

4.15.1 Léirítear imní i gceithre aighneacht/agóid faoi chaillteanas ionchasach slándála agus príobháideachais: Ob_111, Ob_239, Ob_311 agus Ob_757.

4.15.2 Tagraítear in dhá aighneacht/agóid don seans go gcruthódh daoine den phobal treaspás agus imní dá gcapaill: Ob_216 agus Ob_486.

### Freagra

4.15.3 Baineann ceist an riosca mhéadaithe slándála agus iompair frithshóisialta le cásanna ionchasacha ina ndéantar treaspás ar thalamh talmhaíochta ag daoine, madraí nó feithiclí (a d'fhéadfadh suaitheadh a chruthú i measc beostoic, mar shampla). Is dóchúla go dtarlaíonn suaitheadh i measc beostoic (mar gheall ar mhadraí ar strae agus treaspás daoine) gar do lárionaid uirbeacha ina mbíonn talamh talmhaíochta in aice eastáit tithíochta. Is tionchar é sin a bhí ann roimh an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Cé go n-aithnítear go bhfuil feirmeoirí ar an eolas agus imníoch faoi shlándáil a bhfeirmeacha agus réadmhaoine, níl aon éifeachtaí suntasacha ó riosca méadaithe slándála in aice forbairtí nua bóthair. Goidtear innealra agus beostoc go ginearálta i gceantair tuaithe níos iargúlta ina mbíonn rochtain dhíreach ar thalamh ón líonra poiblí bóthair. Ós rud é nach mbeidh aon rochtain dhíreach ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ar thailte in aice láimhe, tá an tionchar ionchasach ó riosca méadaithe slándála gan tábhacht. Léirítear i gCuid 14.6.3 de Chaibidil 14 den TMTT go ndeachthas i ngleic leis an tionchar ionchasach sin sa TMTT ina ndeirtear: "*Cuirtear san áireamh sa mheasúnacht seo tionchair dhíobhálacha eile amhail [...] méadú ar an mbaol go ndéanfaí treaspás ar thalamh príobháideach mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe*." In Aguisín A.14.1 den TMTT, déantar measúnú ar an suaitheadh buan seo do gach dáileacht talún lena mbaineann, lena n-áirítear na dáileachtaí talún atá i gceist in Ob_111, Ob_239, Ob_311 agus Ob_757, agus toisc nach mbeidh tionchar suntasach aige ar tháirgiúlacht talmhaíochta, tá an tionchar gan tábhacht.

4.15.4 Tarraingítear caillteanas príobháideachais anuas mar cheist in aighneachtaí/agóidí Ob_311 agus Ob_239. Aithním go bhfuil caillteanas príobháideachais sna cásanna sin, go háirithe i gcás Ob_239. Scoitear an dáileacht talún seo ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus beidh an t-ailíniú atá beartaithe ardaithe i gcomparáid leis an gclós feirme agus laistigh de 60m ón teach cónaithe feirme atá ann faoi láthair. Tá an tionchar foriomlán ar an dáileacht talún seo trom. É sin ráite, sa chás seo, ní bheidh tionchar suntasach ag an gcaillteanas príobháideachais ar tháirgiúlacht talmhaíochta agus sa chuid is mó cásanna tar éis bhunú an mhaolaithe tírdhreacha feadh theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe, gheofar an príobháideachas ar ais.

## 4.16 Leordhóthanacht an Mheasúnaithe Tionchair Talmhaíochta

### Ceisteanna

4.16.1 Maítear in dhá aighneacht/agóid, Ob_505 agus Ob_507, go bhfuil an mheasúnacht talmhaíochta neamh-imleor.

4.16.2 Maítear in aighneacht/agóid amháin, Ob_701, go gcuirtear síos ar úsáid na talún go mícheart.

### Freagra

4.16.3 Níor bhuail mé le húinéir na dtailte i ndáil le Ob_505, ach bhuail an tUas. Sadlier, an saineolaí eachaí, leis. Mheas mé gur gabháltas de mheán-íogaireacht é an fiontar eachaí seo toisc gur talamh ar dhroch-chaighdeán é an chuid den fheirm a bhfuil tionchar air agus is lána an-chúng é an rochtain air nach gceadaíonn dá úsáid le haghaidh na diantalmhaíochta. Tá beagnach 20% á thógáil, céatadán ard, ach tá an talamh atá á fáil ar dhroch-chaighdeán. Mar sin, tá an tionchar mar thoradh air sin measartha díobhálach.

4.16.4 Bhuail mé le húinéir na dtailte i ndáil le Ob_507 agus mheas mé gur cuid d'fhiontar eachaí d'íogaireacht ard é a ghabháltas toisc go gcoinníonn a mhac 20 capall ar an ngabháltas ar fad – an talamh forimeallach san áireamh. Tá an talamh atá á fáil ar dhroch-chaighdeán agus níl ach 0.06 heicteár nó mar sin i gcúinne na feirme á tógáil agus, mar sin, tá an tionchar iarmharach gan tábhacht.

4.16.5 Bhuail mé le húinéir na dtailte i ndáil le Ob_701 agus mheas mé gur cuid d'fhiontar mairteola d'íogaireacht ard é a ghabháltas toisc gur déileálaí eallaigh é an t-úinéir agus bogann sé líon ard eallaigh tríd an talamh seo. Tá an tionchar an-ard mar thoradh ar chaillteanas breis is 70% den talamh agus scoitheadh breis is 74% den ghabháltas. Lena chois sin, tá an teach cónaithe, stáblaí agus seideanna talmhaíochta á bhfáil. Tá tionchar suntasach díobhálach dá bharr sin.

4.16.6 Mar a deirtear i gCuid 14.2.2 de Chaibidil 14 den TMTT, chloígh an mheasúnacht talmhaíochta le treoirlínte na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (2002, 2003, Dréacht, Meán Fómhair 2015 agus Dréacht, Bealtaine 2017) i dtéarmaí ábhar agus modheolaíocht an mheasúnaithe. Rinneadh measúnachtaí aonair feirme bunaithe ar shonraí deisce (sonraí teorann chlárlann na talún agus aer-ghrianghrafadóireacht) mar aon le suirbhéanna amharcphointe agus teagmháil dhíreach le húinéirí talún ar an bhfón nó trí bhualadh leo. Mar a luadh i gCuid 14.2.3.1 de Chaibidil 14 den TMTT (Teorainneacha Teicniúla), bhí 74% d'úinéirí talún i dteagmháil go díreach liom féin (Con Curtin). I gcás nach bhféadfaí teagmháil a dhéanamh le húinéirí talún go díreach, cinneadh na tionchair ar dháileachtaí talún trí shuirbhéanna amharcphointe cois bóthair, imscrúdú ar aer-ghrianghrafadóireacht agus tagairt d'fhoinsí eile faisnéise deisce ar nós léarscáiliú chlárlann na talún, staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh do Chontae na Gaillimhe agus sonraí digiteacha ithreach agus trí fhaisnéis a bhí ar fáil ó chruinnithe idir na húinéirí talún agus Arup. Is gnáthchleachtas é seo ar roinnt mhaith scéimeanna

bóthair i gcás nach bhféadtar teagmháil a dhéanamh le húinéirí talún nó i gcás nach dteastaíonn uathu labhairt. Bhí fuílleach sonraí ar fáil chun críocha measúnú tionchair talmhaíochta feadh ailíniú na forbartha bóthair atá beartaithe.

4.16.7 Cé go bhfuil sonraí Áireamh Talmhaíochta 2010 beagnach 10 mbliana d'aois, is iad na sonraí is cothroime le dáta atá ann a thugann miondealú ar na fiontair talmhaíochta ar bhonn contae – mar a léirítear i dTábla 14.7 de Chaibidil 14 den TMTT. Beidh an chéad Áireamh Talmhaíochta eile in 2020. É sin ráite, foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh figiúirí bliantúla faoi líon an bheostoic agus limistéir barr (a fhaigheann sé ón Roinn Talmhaíochta) agus déanann sé suirbhéanna feirme gach 3 bliana nó mar sin. Cuirtear torthaí na suirbhéanna sin i láthair do Réigiún an Iarthair amháin (Gaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin), agus ní ar bhonn contae. Ní léirítear mórán athruithe i Suirbhé Struchtúir Feirme[4] 2016 na Príomh-Oifige Staidrimh ó 2010 go 2016 ó thaobh méid feirme i réigiún an Iarthair, áit a raibh meánmhéid na bhfeirmeacha 24.8 heicteár in 2010 agus 24.6 heicteár in 2016. Bhí 82.5% d'fheirmeoirí i bhfiontair na mairteola agus/nó caorach go náisiúnta in 2010 agus 96% d'fheirmeoirí i Réigiún an Iarthair in 2010. Bhí na céatadáin sin mar an gcéanna in 2016. Bhain an príomhathrú sna staitisticí talmhaíochta le méid na dtréad bó bainne. Cé nár tháinig athrú mór ar líon na bhfeirmeoirí déiríochta i Réigiún an Iarthair, tháinig méadú tuairim is 45 bó ar mheánmhéid na dtréad in 2010 go dtí tuairim is 61[5] bó in 2016.

4.16.8 Mar sin, níor tháinig athrú mór ar na cineálacha fiontair a chuirtear i láthair i dTábla 14.5 de Chaibidil 14 den TMTT agus, mar gheall ar líon beag na bhfeirmeacha déiríochta feadh na forbartha bóthair atá beartaithe, ní ceist shuntasach é an t-athrú i méid na dtréad déiríochta.

## 4.17 Tionchair ar Fhiontair Eachaí

### Ceisteanna

4.17.1 Tagraítear go sonrach do cheisteanna eachaí i gceithre aighneacht/agóid, Ob_216, Ob_572, Ob_691 agus Ob_751. Téann mo Ráiteas Fianaise i ngleic leis an measúnacht eachaí in Aguisín A.14.1 agus téann an tUas. Michael Sadlier i ngleic a thuilleadh leis na ceisteanna sonracha eachaí ina Ráiteas Fianaise.

### Freagra

4.17.2 Is é mo mheasúnacht ar an tionchar ionchasach ar dháileacht talún 216, mar a léirítear in Aguisín A.14.1 d'Imleabhar 4 den TMTT, gur gan tábhacht a bheidh an tionchar ar an bhfiontar mairteola agus eachaí seo de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe. Ní chaillfear ach 2% den fheirm feadh imeall na dáileachta talún seo. Tá caighdeán na talún atá á tógáil bocht. Mar sin, tá an tionchar gan tábhacht.

[4] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-fss/farmstructuresurvey2016/da/fs/ - Tábla 2.2
[5] Tábla 4.1 de shuirbhé 2016 https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-fss/farmstructuresurvey2016/da/ls/

4.17.3 Is é mo mheasúnacht ar an tionchar ionchasach ar dháileacht talún 572, mar a léirítear in Aguisín A.14.1 d'Imleabhar 4 den TMTT, gur suntasach a bheidh an tionchar ar an bhfiontar mairteola agus eachaí seo de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe. Tá méid an tionchair ard toisc go gcaillfear 37% den fheirm le hardleibhéal deighilte. Mar sin, tá an tionchar suntasach díobhálach.

4.17.4 Baineann mo mheasúnacht ar an tionchar ionchasach ar réadmhaoin 691 le húsáid talmhaíochta na talún amháin laistigh den ráschúrsa d'fhéarach caorach agus do stáblaí. Tá mo chinneadh gur tionchar measartha díobhálach é bunaithe ar an tionchar sealadach, go príomha, ar thalamh féaraigh agus ar an mhíchaoithiúlacht atá i gceist ó thaobh na stáblaí a atógáil agus a bhogadh. Ar an iomlán tá méid an tionchair íseal ach tá an íogaireacht an-ard, agus a thábhacht náisiúnta á cur san áireamh, rud a chiallaíonn gur tionchar measartha díobhálach atá aige mar sin.

4.17.5 Is é mo mheasúnacht ar an tionchar ionchasach ar dháileacht talún 751, mar a léirítear in Aguisín A.14.1 d'Imleabhar 4 den TMTT, gur trom a bheidh an tionchar ar an bhfiontar eachaí agus mairteola seo de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe. Tá méid an tionchair ard toisc go gcaillfear 39% den fheirm le hardleibhéal deighilte. Cuirtear tionchar carnach an N6/M6 san áireamh freisin agus tá an tionchar trom.

4.17.6 Sonraítear na tionchair ar 46 dáileacht talún le fiontar eachaí ar bhonn cás ar chás in Aguisín A.14.1 den TMTT. Beidh tionchair iarmharacha bheaga (i.e. gan tábhacht nó beag) ar 37% dáileachtaí talún le heachaí, beidh tionchair dhíobhálacha mheánscála (i.e. tionchair mheasartha dhíobhálacha) ar 24% acu agus beidh tionchair dhíobhálacha mhóra (i.e. suntasach, an-suntasach agus trom) ar 39% acu. Tá tionchar trom i gcás ceann amháin (dáileacht talún 751). Tagann an líon measartha ard tionchair mhóra chun cinn ar dháileachtaí talún eachaí toisc go n-aithnítear íogaireacht níos airde an fhiontair eachaí sa mheasúnacht in Aguisín A.14.1 den TMTT. Léirítear na critéir chun íogaireacht a shannadh i dTábla 14.2 den TMTT.

4.17.7 Meastar gur gan tábhacht go beag iad na tionchair ó shuaitheadh tógála i gCuid 14.5.3 den TMTT toisc nach mairfidh siad ach seal agus toisc go dtéann capaill agus capaillíní i dtaithí go tapa ar thorainn, ar chreathadh agus ar ghluaiseachtaí innealra tógála. Lena chois sin, beidh capaill ar féarach ar thalamh in aice na forbartha bóthair atá beartaithe le linn na céime oibríochta gan aon éifeachtaí suntasacha díobhálacha. Aithnítear sa mheasúnacht tionchair go mbeidh níos mó ama ag teastáil ó úinéirí talún le linn na céime tógála chun a gcapaill a bhainistiú agus a mhonatóiriú.

4.17.8 Tá sé riachtanach go mbeidh cumarsáid mhaith idir an conraitheoir agus úinéirí talún ionas go mbeidh úinéirí talún in ann a gcapaill a bhainistiú le linn na céime tógála. Mar a leagtar amach i gCuid 14.6.2 de Chaibidil 14 den TMTT, éilítear ar an gconraitheoir príomhdhuine teagmhála a fhostú chun úinéirí talún a chur ar an eolas sula dtosaítear ar bhriseadh nó ar phléascadh carraigeacha. Fostófar saineolaí tréidliachta ar feadh thréimhse an chonartha tógála chun idirghabháil leis na húinéirí talún d'fhonn a chinntiú go dtugtar faoi leas beostoic go himleor.

# 5. Conclúid

5.1 Tar éis na ceisteanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí/hagóidí a cuireadh faoi bhráid an Bhoird a athbhreithniú, agus tar éis dom mo mheasúnacht féin a athbhreithniú i bhfianaise a dtuairimí agus a n-imní, deimhním go bhfanann an mheasúnacht ar thionchair talmhaíochta a imlínítear i gCaibidil 14 den TMTT agus in Aguisín A.14.1 den TMTT mar atá sé.